**TAISPEÁNTAS**
**NA hÉIREANN**
BIENNALE
EALAÍNE NA VEINÉISE
2026



## GAIRM AR LÉIRITHE SPÉISE I LÉIRIÚ

# ÉIRE SA VEINÉIS 2026

*Is tionscnamh de chuid Chultúr Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon é ionadaíocht na hÉireann sa Veinéis*

# Clár

CUIREADH ..... 3
SPRIOCDHÁTA ..... 3
CÚLRA ..... 4
Ról an Léiritheora do Thaispeántas na hÉireann ..... 5
Sonraí na Gairme Oscailte ..... 6
Buiséad ..... 7
TREOIR AN TAISPEÁNTAIS ..... 7
IARRATAS ..... 9
MEASTÓIREACHT ..... 11
Aguisín 1: íomhánna agus léarscáileanna ..... 13
Aguisín 2: Leathanach Cumhdaigh le haghaidh Iarratais ..... 14

## CUIREADH

Tá Léirithe Spéise á lorg ag Cultúr Éireann, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, chun ionadaíocht na hÉireann a léiriú ag an 61ú Taispeántas Ealaíne Idirnáisiúnta ag La Biennale di Venezia 2026.

Táthar ag iarraidh tograí láidre uaillmhianacha samhlaíocha ó ealaíontóirí, léiritheoirí, nó foirne Éireannacha ag a bhfuil taithí sna hamharc-ealaíona. Déanfar measúnú ar thograí ó dhaoine aonair, comharghrúpaí agus/nó eagraíochtaí.

Tapaigh an deis seo má tá suim agat sna rudaí seo a leanas:

- cleachtas Amharc-Ealaíona na hÉireann a chur i láthair lucht féachana idirnáisiúnta;
- an t-ardán idirnáisiúnta seo a úsáid chun plé a spreagadh ar na hamharc-ealaíona in Éirinn agus ó Éirinn;
- próifíl ealaíontóirí, léiritheoirí agus coimisinéirí Éireannacha a ardú, a gcleachtas a fhorbairt agus a ndeiseanna idirnáisiúnta a mhéadú;
- clú idirnáisiúnta a fháil agus deiseanna idirnáisiúnta a chruthú d'ealaíontóirí Éireannacha amach anseo;
- camchuartaíocht náisiúnta a dhéanamh leis an taispeántas in 2027.

## SPRIOCDHÁTA

Caithfear iarratais a fháil san fhormáid a leagtar amach i Céim I ar leathanach 9, faoi [DÁTA]

## CÚLRA

Is tionscnamh Rialtais faoi stiúir Chultúr Éireann, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, í an ionadaíocht náisiúnta ag Biennale na Veinéise. Is í an aidhm atá le tacaíocht a thabhairt d'ionadaíocht na hÉireann ag an imeacht seo ná próifíl ealaíontóirí, léiritheoirí agus coimisinéirí na hÉireann a ardú, a gcleachtas a fhorbairt agus a ndeiseanna idirnáisiúnta a mhéadú.

Is é Biennale na Veinéise an seóthaispeántas idirnáisiúnta is tábhachtaí do na healaíona comhaimseartha. Tugann sé deis ar leith d'Éirinn chun amharc-ealaíona comhaimseartha na hÉireann a chur i láthair ar an stáitse dhomhanda. Is ardán suntasach é Biennale na Veinéise d'ealaíontóirí, léiritheoirí agus coimisinéirí na hÉireann chun dul i gcaidreamh le lucht féachana, léiritheoirí agus lucht na ndánlann idirnáisiúnta, chun clú idirnáisiúnta a fháil agus deiseanna nua a chruthú. Bhí os cionn 800,000 cuairteoir i láthair ag an Biennale do na hAmharc-Ealaíona roimhe seo.

Tá Cultúr Éireann, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'ionadaíocht na hÉireann ag La Biennale di Venezia / Biennale na Veinéise in 2026.

**Téama 2026**

Ní raibh téama léiriúcháin ginearálta fógartha faoin am a foilsíodh an cuireadh seo.

Is fearr go bhfreagraíonn ionadaíocht náisiúnta na hÉireann don téama léiriúcháin ghinearálta, nuair atá sé ar fáil. Má fhógraítear an téama go poiblí roimh an dáta dheiridh, beidh sé le haimsiú ar shuíomh gréasáin La Biennale di Venezia.

**Pailliún na hÉireann**

Tá sé beartaithe, faoi réir a dheimhnithe, go gcuirfidh Éire an spás atá in úsáid faoi láthair san Arsenale in áirithe do 2026 (san áit chéanna ina raibh taispeántais náisiúnta na hÉireann le deich mbliana anuas). Tá íomhánna agus léarscáileanna ar fáil in Aguisín 1.

Réachtálfar *61ú La Biennale di Venezia / Biennale na Veinéise* idir Aibreán agus Samhain 2026, agus caithfidh Pailliún na hÉireann a bheith ar oscailt ar feadh na tréimhse taispeántais iomláine.

**Camchuairt na hÉireann**

I ndiaidh an chur i láthair sa Veinéis, tiocfaidh taispeántas Éire sa Veinéis ar ais go hÉireann le haghaidh Camchuairte in Éirinn, ar mhaithe le lucht féachana na hÉireann. Caithfear an chamchuairt seo a thabhairt san áireamh agus tograí á bhforbairt.

## RÓL AN LÉIRITHEORA DO THAISPEÁNTAS NA HÉIREANN

Beidh an Léiritheoir freagrach as taispeántas na hÉireann ag Biennale na Veinéise 2026 a thabhairt i gcrích, chomh maith le Camchuairt na hÉireann ina dhiaidh sin in 2027. Beidh an Léiritheoir i gceannas ar:

- an ealaíontóir agus an fhoireann chruthaitheach a choimisiúnú
- bainistíocht tionscadal
- bainistíocht buiséid
- tiomsú airgid
- socruithe leis an ionad
- cumarsáid agus preas
- idirghabháil le hoifig Biennale agus
- tacaíocht riaracháin agus léiriúcháin a chur ar fáil
- idirghabháil le Cultúr Éireann agus leis an gComhairle Ealaíon

Is féidir leis an Léiritheoir léiriú taispeántais a dhéanamh, nó is féidir leis/léi obair le duine aonair, le hinstitiúid nó mar pháirt de chomhargrúpa. Ba cheart gach duine a bheidh baint acu leis an taispeántas a shainaithint agus páirt a bheith acu leis an léiriú spéise tosaigh seo.

## SONRAÍ NA GAIRME OSCAILTE

Tá fáilte rompu seo a leanas Léiriú Spéise a chur isteach:

- Daoine aonair, comharghrúpaí nó eagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn nó a bhfuil saoránacht na hÉireann acu.
- Caithfidh an léiritheoir agus an t-ealaíontóir/na healaíontóirí a bhfuil an léiritheoir á mbeartú a bheith lonnaithe in Éirinn, nó a bheith ina saoránaigh de chuid na hÉireann.
- Ní féidir leis an léiritheoir agus / nó aon institiúid bhainteach a bheith ina (h)ealaíontóir atá beartaithe don taispeántas
- Ní féidir leis an léiritheoir agus / nó aon institiúid bhainteach caidreamh tráchtála a bheith acu leis an ealaíontóir beartaithe.
- Déanfaidh ealaíontóir aonair nó cleachtas comhoibríoch an ionadaíocht. Ní ghlacfar le hiarratais i leith seó grúpa ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.
- Tá fáilte roimh ealaíontóirí nó cleachtais chomhoibríocha, ag céim ar bith dá saol proifisiúnta, iarratas a dhéanamh ar ionadaíocht.
- Ní féidir leis an saothar beartaithe a bheith ar taispeáint sula gcuirfear i láthair é ag Biennale na Veinéise in 2026.
- Beidh sé de bhuntáiste ag an ealaíontóir/na healaíontóirí go raibh taispeántas aonair acu in ionad a bhí maoinithe go poiblí in Éirinn agus / nó thar lear.
- Níl an t-ealaíontóir incháilithe má bhí taispeántas aonair aige/aici ag Biennale na Veinéise roimhe seo.
- Ní ghlacfar le taispeántais iardhearcacha.

## BUISÉAD

Is féidir bunbhuiséad de thimpeall €520,000 a úsáid mar threoir, atá comhdhéanta de €340,000 ó Chultúr Éireann agus €180,000 ón gComhairle Ealaíon.

Meastar go bhfuil luach cíosa de €180,000 ag an spás, a bhfuil curtha in áirithe go sealadach ag Éirinn san Arsenale do 2026. Tá an costas cíosa seo san áireamh sa bhuiséad foriomlán de thimpeall €520,000 agus íocann Cultúr Éireann é go díreach le La Biennale. Mar sin, meastar gurb ionann an glanbhuiséad oibre agus €340,000. Bhí gá, le taispeántais sa Veinéis roimhe seo, le tiomsú airgid chun cur leis an mbuiséad ionas go raibh siad in ann a n-uaillmhian i leith na dtionscadal a bhaint amach.

Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon buiséad ar leith de suas le €100,000 ar fáil i leith Chamcuairt na hÉireann in 2027. Beidh gá le togra eile a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon ina leith seo in 2026.

## TREOIR AN TAISPEÁNTAIS

Caithfidh an t-iarrthóir rathúil na costais i leith na nithe seo a leanas a chlúdach, laistigh den bhuiséad oibre:

- Dearadh, forbairt agus léiriúchán a gcoincheapa;
- Na grafaicí, íomhánna, trealamh agus ábhair chuí go léir don taispeántas a sholáthar de réir mar is gá chun an taispeántas a chur i láthair an phobail, go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta;
- Na costais uilig a bhaineann le hábhar an taispeántais a iompar, a shuiteáil agus a dhíshuiteáil, agus a chur ar ais;
- Taisteal agus loistín sa Veinéis don fhoireann léiriúcháin, an fhoireann suiteála, an fhoireann rannpháirteach agus na feitheoirí;
- Na costais a bhaineann leis an taispeántas a chur chun cinn;
- Imeacht seolta sa Veinéis i mBealtaine 2025 a thabhairt i gcrích.

Beidh ar an bhfoireann rathúil plean bainistíochta tionscadal a chur ar bun, cosúil le struchtúir bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais, agus teacht chun comhaontú ina leith seo le Cultúr Éireann agus leis an gComhairle Ealaíon, agus an Comhaontú Deontais á shíniú.

## CRITÉIR MHEASÚNAITHE

Measfar agus roghnófar Léirithe Spéise ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

Caighdeán Ealaíonta

- Caighdeán an ealaíontóra agus an smaoinimh bheartaithe mar ionadaí ar chleachtas na n-amharc-ealaíona in Éirinn;
- Teist ealaíonta an iarrthóra agus an phearsanra a raibh baint acu leis an tionscadal, mar a léirítear í ina CVanna agus ábhair tacaíochta eile a chuireann siad ar fáil;
- Uaillmhian, úrnuacht agus inniúlacht a léirítear sa togra.

Comhlíonadh na gCuspóirí

- Uaillmhian, nuálaíocht, caighdeán agus oiriúnacht an togra chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn os comhair luchta féachana idirnáisiúnta i gcomhthéacs Biennale na Veinéise;
- Ábharthacht agus comhoiriúnacht an togra chun cleachtas comhaimseartha amharc-ealaíon na hÉireann a léiriú i gcomhthéacs idirnaisiúnta an Biennale, agus treochtaí agus ceisteanna reatha sa chleachtas comhaimseartha á dtabhairt san áireamh;
- Uaillmhian agus cumas camchuairt na hÉireann a thabhairt i gcrích in 2027.

Féidearthacht

- Taithí ar léiriúchán ar thionscadail agus / nó taispeántais amharc-ealaíon ar mhórscála
- Taithí ar bhainistíocht tionscadal ar mhórthionscadail agus fianaise ar thionscadail a thabhairt i gcrích go hidirnáisiúnta, agus an gá atá le gealltanais shuntasacha ama agus taistil á thabhairt san áireamh;
- Taithí, saineolas agus rath maidir le taispeántais amharc-ealaíon a chur i láthair agus a thabhairt i gcrích do lucht féachana éagsúil, agus scileanna líonraithe agus teagmhálacha idirnáisiúnta san áireamh;
- Taithí ar bhainistíocht bhuiséid agus cumas tiomsaithe airgid, agus ar a bheith ag obair le buiséid mhóra;
- A mhéid a léiríonn an togra go gcuirfear coinníollacha agus luach saothair cothrom ar fáil d'ealaíontóirí rannpháirteacha.

## IARRATAS

Ba cheart do na tograí, ina dtugtar léargas ar smaointe agus cur chuige an iarrthóra, agus a (h)inniúlacht taispeántas den scála riachtanach a thabhairt i gcrích chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn in 2026, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Leathanach cumhdaigh comhlíonta a bheith san áireamh (bain úsáid as an teimpléad atá ar fáil in Aguisín 2);
- Teideal oibre a bheith san áireamh;
- An fhoireann iomlán agus a róil aonair a shainaithint;
- Léargas mionsonraithe a bheith san áireamh faoi d'fhís chruthaitheach don togra agus don saothar ailtireachta a chuirfear ar taispeáint;
- Na critéir uilig thuas a chomhlíonadh go follasach;
- Plean creatlaí a bheith san áireamh maidir le camchuairt náisiúnta an taispeántais in Éirinn in 2027 (cá háit agus cén fáth);
- Plean inbhuanaitheachta na saolré a bheith san áireamh maidir leis an taispeántas;
- Gan a bheith thar **5 leathanach A4 ar fad i bhformáid PDF** (seachas an leathanach cumhdaigh)
- Gach beathaisnéis ábhartha a bheith san áireamh
- Achoimre ar bhuiséad a bheith san áireamh

Caitear na nithe seo a leantas a bheith san eolas breise: CV don phearsanra go léir atá beartaithe don tionscadal (institiúid/léiritheoir/ealaíontóir(í)).

**Caithfear gach iarratas a chur isteach i ríomhphost chuig IrelandAtVenice@cultureireland.gov.ie faoi mheánlae, an 20 Lúnasa 2024**

## AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

**BEIDH DHÁ CHÉIM I GCEIST LEIS AN BPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN:**

- Céim I: Léirithe Spéise
- Céim II: Cuireadh chun agallaimh tugtha d'iarrthóirí ar an ngearrliosta

**CÉIM I**

Déanfaidh Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon measúnú ar gach togra de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar amach thuas. Cruthófar gearrliosta de na hiarrthóirí agus tabharfar cuireadh dóibh chuig Céim II den phróiseas roghnúcháin.

Eolas breise le cur san áireamh: CV do gach duine a bheartaítear don tionscadal (institiúid/léiritheoir/ealaíontóir(í)).

**CÉIM II**

Is é atá i gceist le céim II ná agallamh le painéal. Beidh painéal an agallaimh faoi stiúir chathaoirligh neamhspleácha agus beidh sé comhdhéanta de:

- Ionadaí ó Cultúr Éireann
- Ionadaí ón gComhairle Ealaíon
- Dhá chomhalta painéil de sheasamh idirnáisiúnta le saineolas sna hamharc-ealaíona

Iarrfar ar iarrthóirí ar an ngearrliosta togra níos mionsonraithe agus taispeántas físiúil a chur i láthair, bunaithe ar a Léiriú Spéise i gCéim 1.

Níl dáta an agallaimh socraithe go fóill, mar sin féin, meastar go dtarlóidh sé go déanach in Ráithe 3, 2024. Cuirfear an t-iarrthóir rathúil ar an eolas gan mhoill ina dhiaidh sin.

## SPRIOCDHÁTA LE HAGHAIDH LÉIRITHE SPÉISE

Ba cheart iarratais a chur i ríomhphost chuig info@cultureireland.gov.ie agus caithfear iad a fháil faoi **mheánlae** ar an **20 Lúnasa 2024**.

## TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

Tá an ghairm seo ar léiriú spéise oscailte do dhaoine aonair, do chomhghrúpaí, d'eagraíochtaí nó d'fhoirne a bhfuil saineolas acu sna hamharcealaíona. Ní mór d'iarrthóirí a bheith lonnaithe in Éirinn nó saoránacht na hÉireann a bheith acu.

Déanann an Chomhairle Ealaíon agus Cultúr Éireann gach iarracht freastal réasúnach a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas nó le riachtanais rochtana ar mhaith leo iarratas a chur isteach. Má tá riachtanas agat sa réimse seo, déan teagmháil le do thoil le hOifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon trí ríomhphost (access@artscouncil.ie) chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta.

Coinníonn Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon an ceart dóibh féin duine aonair nó foireann a cheapadh chun ionadaíocht náisiúnta na hÉireann a léiriú ag Biennale na Veinéise in 2026 mura bhfuil toradh rathúil ar an bpróiseas iarratas oscailte.

Tabharfar aitheantas go bhfuarthas gach togra trí ríomhphost.

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a (h)iarratais i ndiaidh gach céim den phróiseas a raibh siad rannpháirteach ann.

Ní íocfar táille ar bith i leith ceachtar den dá chéim iarratas.

Ní thabharfar iarratais ar ais.

Is cinneadh críochnaitheach cinneadh an phainéil roghnúcháin.

### Meastóireacht

Cuirfear gach duine a chur isteach Léiriú Spéise ar an eolas má chuirtear ar ghearrliosta iad i ndiaidh Chéim II.

Cuirfear iad siúd a théann ar aghaidh go Céim II ar an eolas faoi chinneadh an phainéil roghnúcháin i ndiaidh na n-agallamh. Cuirfear aiseolas scríofa ar fáil do gach iarrthóir ar an ngearrliosta bunaithe ar na critéir mheasúnaithe a leagtar amach.

## AMLÍNE ROGHNÚCHÁIN

Caithfear iarratais a fháil faoi mheánlae, **Dé Máirt, an 20 Lúnasa 2024** agus caitear iad a sheoladh chuig **IrelandatVenice@cultureireland.gov.ie**

---

Aithneoidh Cultúr Éireann gach togra.

---

Cuirfear iarratasóirí ar an ngearrliosta ar an eolas i mí Mheán Fómhair. Cuirfear sonraí ar fáil d'iarratasóirí ar an ngearrliosta faoi riachtanais aighneachta Chéim II ag an am sin.

---

Beidh ar iarrthóirí ag Céim II a bheith i láthair ag agallamh ar dháta i lár mhí Dheireadh Fómhair 2024. Tá sé beartaithe faoi láthair na hagallaimh a reáchtáil an tseachtain dar tús an 14 Deireadh Fómhair 2024.

---

Fógrófar an togra rathúil tar éis deireadh Chéim II.


---

## TEAGMHÁIL

Ba cheart aon cheist maidir le hiarratais a chur chuig: IrelandatVenice@cultureireland.gov.ie

Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, trí ríomhphost: access@artscouncil.ie

## AGUISÍN 1: ÍOMHÁNNA AGUS LÉARSCÁILEANNA



## AGUISÍN 2: LEATHANACH CUMHDAIGH LE HAGHAIDH IARRATAIS

# LÉIRITHE SPÉISE I LÉIRIÚ AR IONADAÍOCHT NA hÉIREANN AG LA BIENNALE DI VENEZIA 2026

| | |
|---|---|
| Teideal an Tionscadail: | |
| Príomhiarrthóir / Príomhléiritheoir: | |
| Ealaíontóir(í) Beartaithe: | |
| Sonraí Teagmhála: | |
| Rannpháirtithe Eile agus a Róil: | |

*Is tionscnamh de chuid Chultúr Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon é ionadaíocht na hÉireann sa Veinéis*